Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa maidir leis an Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 a mhéid a bhaineann le beart sonrach chun tacaíocht eisceachtúil shealadach a chur ar fáil faoin gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) mar fhreagairt ar thionchar ionradh na Rúise ar an Úcráin

(COM(2022) 242 final — 2022/0166 (COD))

(2022/C 365/11)

Rapóirtéir ginearálta: **Arnold PUECH D'ALISSAC**

Comhairliúchán	An Chomhairle, 25.5.2022
	Parlaimint na hEorpa, 6.6.2022
Bunús dlí	Airteagail 42, 43(3) agus 304 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh
Rannóg atá freagrach	Talmhaíocht, Forbairt Tuaithe agus an Comhshaol
Dáta a glactha sa seisiún iomlánach	16.6.2022
Seisiún iomlánach Uimh.	570
Toradh na vótála	
(ar son/in aghaidh/staonadh)	188/0/3

1. **Conclúidí agus moltaí**

1.1. Imríonn ionradh na Rúise ar an Úcráin tionchar diúltach an-mhór ar earnáil talmhaíochta agus agraibhia an Aontais Eorpaigh. Ar an ábhar sin, is díol sásaimh do CESE an beart nua tacaíochta breise atá molta ag an gCoimisiún Eorpach. Creideann an Coiste go bhfuil géarghá leis an mbeart, agus iarrann sé ar na hinstitiúidí Eorpacha é a ghlacadh le teann práinne.

1.2. Léiríonn an cogadh san Úcráin gur earnáil den chineál geostraitéiseach atá in earnáil an agraibhia, agus léiríonn sé freisin an gá leis an neamhthuilleamaíocht i gcúrsaí bia a áirithiú san Aontas Eorpach. Ar an ábhar sin, is rud riachtanach atá sna bearta chun tacú le sreabhadh airgid na ngabháltas talmhaíochta, sin agus leis na fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) in earnáil an agraibhia, le háirithiú go dtiocfaidh siad slán ó thaobh airgid de le linn na hatréimhse géarchéime seo atá tagtha sna sála ar phaindéim COVID-19.

1.3. Mar sin féin, tá buiséad an Chiste Eorpaigh Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) ag dul i ngleic cheana leis na riachtanais chistiúcháin atá ann agus le gealltanais mheántéarmacha agus fhadtéarmacha. Níor cheart é a úsáid chun bearta éigeandála a mhaoiniú. Thairis sin, ós rud é go bhfuil a gcuid cistí CETFT ídithe cheana féin ag roinnt de na Ballstáit, sin nó iad geallta acu, creideann CESE gur cheart don Choimisiún foinse eile maoinithe a shainiú, lasmuigh de bhuiséad CBT, chun cur chun feidhme an bhirt sin a cheadú gan cistí CETFT a theorannú sna blianta atá le teacht.

1.4. Ina theannta sin, i bhfianaise imthosca eisceachtúla an cháis agus an ghá le freagairt mhear, creideann an Coiste gur cheart don Choimisiún an spriocdháta le haghaidh íocaíocht na tacaíochta a ghiorrú agus na critéir incháilitheachta do thairbhithe a shimpliú.

2. **Éirim an togra ón gCoimisiún**

2.1. Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún Rialachán Uimh. 1305/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]) maidir leis an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) a leasú trí Airteagal 39c nua dar teideal: "Tacaíocht eisceachtúil shealadach d'fheirmeoirí agus do FBManna atá buailte go trom ag tionchar ionradh na Rúise ar an Úcráin" a chur leis.

2.2. Leis an mbeart atá beartaithe, faoin 15 Deireadh Fómhair 2023 bheadh na Ballstáit in ann cnapshuim aonuaire a íoc le feirmeoirí agus gnólachtaí agraibhia a bhfuil deacrachtaí leachtachta agus sreafa airgid ag bagairt orthu mar gheall ar ionradh na Rúise ar an Úcráin agus mar gheall ar an méadú ar na costais ionchuir (fuinneamh, leasacháin agus beatha).

([1]) Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir le tacaíocht d'fhorbairt tuaithe ón gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1698/2005 (IO L 347, 20.12.2013, lch. 487).

2.3. Foráiltear leis an togra ón gCoimisiún go gcuirfear an tacaíocht airgeadais eisceachtúil sin in áirithe d'fheirmeoirí agus do FBManna atá páirteach i gceann amháin ar a laghad de na gníomhaíochtaí seo a leanas:

— an geilleagar ciorclach;

— bainistíocht cothaitheach;

— úsáid éifeachtúil acmhainní;

— modhanna táirgthe atá neamhdhíobhálach don chomhshaol agus don aeráid.

2.4. Is é uasmhéid na tacaíochta atá beartaithe EUR 15 000 in aghaidh an fheirmeora agus EUR 100 000 in aghaidh an FBM.

2.5. D'fhéadfadh na Ballstáit leas a bhaint as na cistí atá ar fáil, cistí arb ionann luach dóibh agus suas le 5 % dá mbuiséad CETFT do na blianta 2021-2022, is é sin buiséad féideartha luach EUR 1,4 billiún san Aontas.

3. **Barúlacha ginearálta**

3.1. De dheasca an chogaidh san Úcráin, tá cás na margaí tráchtearraí talmhaíochta imithe in olcas go mór, agus ba chrua an cás cheana féin roimh ionradh na Rúise. Dá bhrí sin, mhéadaigh praghsanna na bpríomhionchur talmhaíochta faoi dhó nó go deimhin faoi thrí le hais na leibhéal a bhí ann bliain nó dhó ó shin. Sin rud a tharla sa bhreis ar éifeachtaí phaindéim COVID-19.

3.2. I dTeachtaireacht an 23 Márta 2022, chuir an Coimisiún tionscnaimh eisceachtúla i láthair chun an neamhthuilleamaíocht bia a chaomhnú agus chun athléimneacht na gcóras bia a neartú. Mar sin féin, is cás nár tharla riamh cheana an cás atá ann faoi láthair, agus tá gá le bearta breise a dhéanamh ina leith.

3.3. Dá bhrí sin, is díol sásaimh do CESE an togra ón gCoimisiún, togra a d'fhéadfadh faoiseamh airgid a thabhairt do na feirmeoirí agus na FBManna a bhfuil deacrachtaí airgid acu ó rinne an Rúis ionradh ar an Úcráin.

3.4. Is díol sásaimh é an togra ón gCoimisiún mar fhreagairt chomhlántach chun neamhthuilleamaíocht bia an Aontais a neartú agus chun aghaidh a thabhairt ar an méadú as an ngnách ar na costais ionchuir.

3.5. Aontaíonn CESE leis an mbeart atá beartaithe agus measann sé go bhfuil sé an-tábhachtach go nglacfadh na hinstitiúidí Eorpacha é a thúisce is féidir.

3.6. Tá amhras ar CESE ina leith, áfach, agus ba mhaith leis foláireamh a thabhairt don Choimisiún maidir le foinse maoinithe an bhirt, maidir le huainiú na n-íocaíochtaí, mar aon leis na critéir incháilitheachta agus an baol go mbeadh ualach iomarcach riaracháin ar na tairbhithe.

Foinse an mhaoinithe

3.7. Ba mhaith le CESE a mheabhrú gurb é CETFT ([2]) an phríomhionstraim airgeadais le haghaidh fhorbairt na tuaithe, is é sin an dara colún den chomhbheartas talmhaíochta. Dá réir sin, cuireann sé go mór le haistriú éiceolaíoch na réigiún agus na hearnála talmhaíochta tríd an tseasmhacht i gcoinne an athraithe aeráide a mhéadú, trí thacú leis an nuálaíocht, agus trí thacú le hiomaíochas na bhfeirmeacha.

3.8. Dá bhrí sin, is é is cuspóir do CETFT freagairt san fhadtéarma do na dúshláin atá roimh na ceantair thuaithe. Mar chuid den fhís atá aige go fadtéarmach i leith na gceantar tuaithe, ba cheart go háirithe go bhféadfaí na cuspóirí forbartha a leag an Coimisiún amach an 30 Meitheamh 2021 a bhaint amach faoi 2040 ([3]).

3.9. Maidir le CETFT, agus CBT ina iomláine chomh maith, ní ceart a mheas gur foinse bhreise maoinithe ceachtar acu chun dul i ngleic le héigeandálaí. Tá buiséad CETFT ag dul i ngleic leis na riachtanais chistiúcháin agus leis na gealltanais atá ann cheana, gealltanais ba cheart a urramú.

3.10. In éagmais figiúr cruinn i leith na n-iasachtaí buiséid agus na gcistí atá ar fáil, is rud an-hipitéiseach atá i méid iomlán na cabhrach is féidir a íoc leis na tairbhithe freisin.

3.11. Dá bhrí sin, iarrann CESE ar an gCoimisiún figiúirí beachta a chur ar fáil i leith na gcistí a bheidh ar fáil iarbhír, agus machnamh a dhéanamh ar fhoinsí eile maoinithe nach ndéanfaidh difear d'uaillmhian ná do chuspóirí CETFT.

([2]) Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa *CBT idir seo agus 2020*, (IO C 191, 29.6.2012, lch. 116).

([3]) Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún – *A long-term Vision for the EU's Rural Areas – Towards stronger, connected, resilient and prosperous rural areas by 2040* [Fís fhadtéarmach do Cheantair Thuaithe an Aontais – I dtreo ceantair thuaithe níos láidre, níos nasctha, níos athléimní agus níos rathúla faoi 2040] (níl leagan Gaeilge ann)

Uainiú na n-íocaíochtaí

3.12. Is éard atá á bheartú leis an togra ón gCoimisiún gur roimh an 15 Deireadh Fómhair 2023 a dhéanfar íocaíochtaí leis na tairbhithe. Ceistíonn CESE an mhoill atá ar na híocaíochtaí sin i bhfianaise na gcúiseanna imní atá ann faoi láthair maidir le hioncam na bhfeirmeoirí agus na dtáirgeoirí sa slabhra agraibhia.

3.13. Is iomaí deacracht atá ag cur isteach ar na gnólachtaí seo cheana féin ó thaobh an tsreafa airgid de. Teastaíonn tacaíocht airgeadais láithreach ó roinnt mhaith feirmeoirí chun fanacht i mbun gnó. Faoi mar atá cúrsaí, ní leor íocaíocht tacaíochta eisceachtúla ag deireadh 2023 in aimsir na cruóige seo.

3.14. Dá bhrí sin, ba cheart uainiú na n-íocaíochtaí tacaíochta a ghiorrú a mhéid is féidir ionas go mbeidh faill ag na feirmeoirí agus ag na FBManna déileáil leis an méadú atá ann faoi láthair ar chostais táirgthe.

Critéir incháilitheachta na dtairbhithe

3.15. Is díol sásaimh do CESE gur ar na feirmeoirí agus ar na FBManna is mó a ndéantar difear dóibh atá an tacaíocht airgeadais atá beartaithe ag an gCoimisiún dírithe go príomha, ar bhonn critéir roghnúcháin a chaithfidh a bheith oibiachtúil neamh-idirdhealaitheach.

3.16. Foráiltear sa togra ón gCoimisiún freisin nach n-íocfar tacaíocht ar bith ach le tairbhithe a bhfuil baint ag a gcuid gníomhaíochtaí leis an ngeilleagar ciorclach, le bainistíocht cothaitheach, le húsáid éifeachtúil acmhainní, sin nó le modh táirgthe atá neamhdhíobhálach don chomhshaol.

3.17. Ní dhéanfadh na critéir bhreise sin ach baint de phríomhchuspóir an bhirt, beart a bhfuil sé de phríomhaidhm aige cuidiú le gnólachtaí agus le feirmeoirí atá buailte ag an gcogadh san Úcráin. Chomh maith leis sin, is éard a mheasann comhaltaí Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa go bhfágfaidh na critéir sin gur chasta na hiarratais ar thacaíocht a bheidh le cur isteach ag tairbhithe.

3.18. Os a choinne sin, ba cheart na critéir incháilitheachta maidir le tacaíocht éigeandála a shimpliú chun ualach riaracháin a sheachaint a chuirfeadh tairbhithe ionchasacha ar mhalairt slí seachas iarratas a chur isteach chuig na húdaráis inniúla.

3.19. Feirmeoirí atá ag fáil na tacaíochta dírí faoi CBT cheana féin, agus a bhfuil tionchar ag iarmhairtí ionradh na Rúise ar an Úcráin orthu, measann CESE gur cheart iad a bheith incháilithe gan cheist don tacaíocht eisceachtúil faoi CETFT.

3.20. Ar an gcaoi sin, is rud é an tacaíocht eisceachtúil atá molta ag an gCoimisiún a bheadh ag teacht leis na cuspóirí inbhuanaitheachta comhshaoil, eacnamaíocha agus sóisialta atá curtha roimhe aige in CBT nua. San am céanna, d'fhágfadh an córas sin nach mbeadh aon chritéir nua i gceist, critéir a chruthódh mearbhall agus castacht. Mar gheall ar a phráinní atá an scéal, is gá beart dlúthpháirtíochta pragmatach a chur chun feidhme i leith na ngnólachtaí agus na bhfeirmeoirí is measa atá buailte (costais táirgthe níos airde nó cliseadh na margaí). Ba cheart tacaíocht do chleachtais inbhuanaithe áirithe a chur chun cinn ar dtús trí ionstraimí sonracha a mhairfidh go ceann i bhfad, tacaíocht don gheilleagar ciorclach, cuir i gcás.

An Bhruiséil, 16 Meitheamh 2022.

Uachtarán
Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa
Christa SCHWENG